

- Aimseofar roinnt ailsí neamhionracha (ar a dtugtar carcanóma duchta in situ (DCIS) trí scagthástáil. Ní gach bean le carcanóma duchta in situ (DCIS) a gheobhaidh ailse ionrach fiú mura chóireáiltear iad. Mar sin féin ní féidir a insint cén charcanóma duchta in situ (DCIS) a fhorbróidh go ailse ionrach agus cén cinn nach bhforbróidh. Mar thoradh gheobhaidh roinnt bhan cóireáil don charcanóma duchta in situ (DCIS) nach n-éireodh ina ailse ionrach go deo. **Le haghaidh bileog eolais ar charcanóma duchta in situ (DCIS) agus buntáistí agus teorainneacha le scagthástála cíoch féach www.breastcheck.ie nó Saorghlao 1800 45 45 55.**
- Faigheann timpeall 99% de mhná a bhíonn mamagram BreastCheck acu toradh normalach.

Ag coiméad do mhionsonraí slán

Faoin Acht um Chosaint Sonraí coimeádann BreastCheck do chuid mhionsonraithe agus taifid sláinte slán agus faoi rún an t-am go léir. B'fhéidir go mbeadh orainn do thaifid sláinte a roinnt más gá tacú le do chúram agus do chóireáil. Roinneann BreastCheck torthaí do mhamagraim le do DG (dochtúir teaghlaigh).

Bí cíoch-eolach

Is cuma cén aois thú tá sé tábhachtach a bheith cíoch-eolach i gcónaí.

- Bíodh a fhios agat cad atá normálta do do chorp.
- Bíodh a fhios agat cén athruithe le lorg.

Cén athruithe ba chóir dom a lorg agus cíochaireachtáil dóibh?

- Aon chnapanna nó tiús i do chíoch
- Loigíneacht, rocadh nó deirge an chraicinn
- Sine a bhfuil an cuma uirthi go bhfuil sí tarraingthe isteach nó leata
- Gríos nó craiceann gainneach nó sceamhaithe timpeall na sine
- Athrú i méid nó cruth do chíche
- At i d'ascaill nó timpeall do dhealacháin
- Síorphian i gcuid amháin de do chíoch nó d'ascaill

Tábhachtach: Tá a lán cúiseanna le hathruithe i do chíoch. Tá an chuid is mó acu gan dochar ach ba chóir duit aon athrú a sheiceáil. Má tá aon ábhair imní ort nó má thugann tú aon athruithe faoi deara tabhair cuairt ar do DG (dochtúir teaghlaigh) le do thoil gan mhoill fiú má bhí mamagram agat le déanaí

Clár maoinithe ag an Rialtas is ea BreastCheck agus cuid den tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála.

Lároifig

Teach Óstaí an Rí,
200 Sráid Pharnell, Baile Átha Cliath 1
Teil: 01 865 9300
Saorghlao: 1800 45 45 55
Ríomhphost: info@breastcheck.ie

Aonad Eccles

36 Sráid Eccles, Baile Átha Cliath 7
Teil: 01 882 6200
Ríomhphost: eccles@breastcheck.ie

Aonad Mhuirfean

Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4
Teil: 01 223 5800
Ríomhphost: merrion@breastcheck.ie

Aonad an Deiscirt

Bóthar na hOtharlainne, Corcaigh
Teil: 021 464 9700
Ríomhphost: southern@breastcheck.ie

Aonad an Iarthair

Bóthar an Chaisleáin Nua, Gaillimh
Teil: 091 580 600
Ríomhphost: western@breastcheck.ie

Níos mó eolais

Le haghaidh níos mó eolais, le clárú nó le seiceáil an bhfuil tú ar an gclár tabhair cuairt ar www.breastcheck.ie nó Saorghlao 1800 45 45 55.



Faoi do
Choinne
BreastCheck

Cad é BreastCheck?

BreastCheck - Seirbhís saor in aisce is ea an Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch maoinithe ag an Rialtas chun mamagram a thairiscint do mhná incháilithe gach dhá bhliain.

Ba chóir duit freastal ar gach coinne BreastCheck nuair a fhaigheann tú an cuireadh.

Cad é ailse chíche?

Tarlaíonn ailse chíche nuair a thosaíonn cealla cíche normálta ag roinnt agus ag fás i gcaoi mínormálta.

Is féidir ailsí cíoch a thaispeáint sna céimeanna tosaigh trí scagthástáil cíoch nuair atá siad ro-bheag duit féin nó do do dhochtúir a fheiceáil nó a chíochaireachtáil.

Is féidir le hailse tarlú aon am agus idir scagthástáil mamagram. Tá roinnt bheag ailsí ann nach féidir a aimsiú trí mhamagram ach má théann tú le haghaidh scagthástála go rialta aimseofar aon athruithe chomh luath agus is féidir. Ag an gcéim seo tá sé níos éasca ailse cíche a chóireáil agus tá seans níos fearr téarnamh maith a bheith agat.

Fíorais ar ailse chíche


- Ceann de na hailsí is comónta is measc ban in Éirinn is ea ailse chíche. Gneobhaidh bean amháin as 12 ailse chíche le linn a saoil.
- Is féidir le mná ag aois ar bith ailse chíche a fháil ach méadaíonn an riosca de réir mar a théann tú in aois.

- Taispeántar trí thaighde go bhfuil mná den aois 50 agus níos mó ag riosca níos airde ó ailse chíche.
- Má fhaightear ailse chíche go luath is dóchúla go mbeidh sé níos éasca í a chóireáil.

Cad is mamagram ann?

Nuair atá mamagram agat, úsáidtear meaisín x-gha speisialta chun pictiúr a thógáil de do chíocha.

Ceann i ndiaidh a chéile preasálar do chíocha idir dhá phláta speisialta chun iad a x-ghathú. Ní mór brú a chur chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an mamagram d'ardcháilíocht. Tá an dáileog radaíochta a úsáidtear sa mhamagram an-íseal agus laistigh de na teorainneacha molta agus mar sin tá an riosca do do chuid sláinte an-íseal.



Cad a tharlaíonn ag coinne BreastCheck?

Tógann do choinne timpeall 30 nóiméad san iomlán. Nuair a shroicheadh tú an áit, ná bíodh leisce ort aon cheisteanna a chur atá agat faoi do mhamagram. Cuirfear cúpla ceisteanna ort faoi do shláinte agus iarrfar ort ansin do chuid éadaí ón gcoim anuas a bhaint díot. Tabharfaidh aonaid scagthástála go léir príobháideacht duit chun do chuid éadaí a bhaint díot.

Sula mbíonn do mhamagram agat iarrfaimid ort foirm toilithe a shíniú chun cead a thabhairt do BreastCheck do mhamagram a dhéanamh agus do thaifid sláinte a roinnt más gá le tacú le do chúram agus do chóireáil.

Úsáideann BreastCheck trealamh speisialaithe agus radagrafaithe oilte chun deimhin a dhéanamh de go dtógaimid íomhá ardcháilíochta de do chíocha.



B'fhéidir go mbeadh coinne scagthástála níos faide ag teastáil uait má tá ionchlannáin chíche, má tá tú bodhar nó dall nó má tá fadhbanna gluaiseachta nó míchumas intleachta agat. Cuir in iúl dúinn roimh ré dá dtarlódh go mbeadh níos mó ama ag teastáil uait do do choinne. Tá aonaid scagthástála BreastCheck go léir inrochtana do dhaoine le míchumais.

An ngortaíonn mamagram?

Tógann mamagram cúpla nóiméad agus cuirtear brú ar gach cíoch ar feadh cúpla soicind. Níl aon fhianaise go ndéanann an brú seo damáiste do do chíocha. D'fhéadfadh go mbeadh sé seo míchompordach nó pianmhar do roinnt bhan ach de ghnáth ní mhaireann sé ach an cúpla nóiméad a gcuirtear brú ar a gcíocha.

Leideanna cuidiúla

- Caith barréide le sciorta nó briste - bíonn sé níos éasca d'éadaí a bhaint díot.
- Má úsáideann tú díbholaíoch nó púdar tailc ná húsáid ach beagán díobh ar lá do mhamagram le do thoil.

Cathain a mbeidh na torthaí agam?

Cuirfimid do thorthaí chugat laistigh de thrí seachtaine. Cuirfimid cóip de na torthaí chuig do DG (dochtúir teaghlaigh) freisin.

Cathain a ghlaofar ar ais mé?

Glaofar ar ais duine amháin as 20 a raibh mamagram BreastCheck acu le haghaidh a thuilleadh tástálacha. Ní chiallaíonn sé seo go bhfuil rud éigin cearr. Tugtar torthaí normálta don chuid is mó de mhná tar éis a dtástálacha.

Cé chomh minic ar cheart dom scagthástáil a bheith agam?

Tabharfar cuireadh duit teacht ar ais do scagthástáil timpeall gach dhá bhliain go dtí go mbeidh tú 69 bliana d'aois.

D'fhéadfadh ailse tarlú aon am agus idir mhamagram.

Tá roinnt bheag ailse ann nach n-aimsíonn mamagram ach má bhíonn scagthástáil rialta agat aimseofar aon athruithe chomh luath agus is féidir. Ag an gcéim seo, tá sé níos éasca ailse chíche a chóireáil agus tá seans níos fearr agat téarnamh maith a dhéanamh.

Fiú nuair atá scagthástáil déanta ort ba chóir go bhfanfadh tú cíoch-eolach agus féachaint ar do chíocha go rialta le haghaidh aon athruithe.

Fíorais ar scagthástáil cíoch

- Tá scagthástáil do mhná gan airíonna.
- Cabhraíonn scagthástáil ailsí cíoch a aimsiú ag céim luath.
- Ní féidir ailsí cíoch go léir a aimsiú trí mhamagram.